Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10791 – DAIMLER TRUCK / NEXTERA / BFM / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 319/07)

1. An 16 Lúnasa 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Daimler Truck AG ("Daimler Truck", an Ghearmáin),

— NextEra Energy Inc. ("NextEra", na Stáit Aontaithe),

— BlackRock Financial Management, Inc. ("BFM"), faoi rialú BlackRock, Inc. ("BlackRock", a bhaineann leis na Stáit Aontaithe an dá chuideachta),

— Joint Venture ("Sprioc-chuideachta", na Stáit Aontaithe).

Gheobhaidh Daimler Truck, NextEra, agus BFM comhrialú ar an Sprioc-chuideachta ina hiomláine de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Is trí cheannach scaireanna i gcuideachta nuabhunaithe, ar cuideachta í atá ina comhfhiontar, atáthar ag déanamh an chomhchruinnithe.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Díríonn Daimler Truck ar mhonarú agus díol trucailí agus busanna,

— Tá NextEra ar na cuideachtaí cumhachta leictrí agus bonneagair fuinnimh is mó i Meiriceá Thuaidh agus is ceannaire é sa tionscail fuinnimh in-athnuaite,

— Tairgeann BFM seirbhísí tiomsaithe punann, bainistíochta sócmhainní, agus comhairle infheistíochta. Rialaíonn agus bainistíonn BFM cinntí infheistíochta GRP III, ar ciste é a oibríonn go domhanda agus a dhíríonn ar infheistíochtaí bonneagair aeráide domhanda, go príomha sa chumhacht in-athnuaite. Tá BFM faoi rialú BlackRock, ar cuideachta é atá gníomhach i soláthar seirbhísí domhanda bainistíochta infheistíochta, bainistíochta riosca, agus comhairle do chliaint institiúideacha agus mhiondíola ar fud an domhain,

— Beidh an Sprioc-chuideachta lonnaithe sna Stáit Aontaithe agus déanfaidh sí bonneagar iostaí/pointí luchtaithe a bheidh ar fáil don phobal a fhorbairt, a thógáil, a mhaoiniú, a shealbhú, agus a oibriú, go príomha le haghaidh feithiclí leictreacha troma le haghaidh tarlú fada agus iompar réigiúnach, agus rachaidh sí i mbun soláthar seirbhísí leictrea-shoghluaisteachta sna Stáit Aontaithe agus i gCeanada amach anseo.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i ndáil le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara gur cás é seo ab fhéidir a chóireáil faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10791 – DAIMLER TRUCK / NEXTERA / BFM / JV

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË